



An Bhruiséil, 19 Feabhra 2018
(OR. en, de, fr)

Comhad Idirinstitiúideach:
2016/0152 (COD)

6054/18
ADD 2 REV 1

CODEC 179
MI 76
TELECOM 32
DIGIT 14
CONSOM 33
IND 45
COMPET 65
ENT 17
POSTES 2
JUSTCIV 27
PI 14

NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"

ó:	Ardrúnaíocht na Comhairle
chuig:	Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle
Ábhar:	Dréacht-Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le haghaidh a thabhairt ar gheobhlocáil nach bhfuil údar léi agus ar chineálacha eile idirdhealaithe bunaithe ar náisiúntacht, áit chónaithe nó áit bhunaithe custaiméirí laistigh den mhargadh inmheánach lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 2006/2004 agus (AE) 2017/2394 agus Treoir 2009/22/CE (an chéad léamh) - Glacadh an ghnímh reachtaigh - Ráitis

Ráiteas ó Lucsamburg

"Chun Margadh Aonair Digiteach lánfheidhmiúil a bhunú, ní mór deireadh a chur leis an ilroinnt dhlíthiúil atá ann faoi láthair. Mura ndéanfar an méid sin, ní dhéanfaidh gnólachtaí, go háirithe FBManna agus micrifhiontair, díolacháin ar fud an mhargaidh aonair mar gheall ar éiginnteacht dhlíthiúil agus costais chomhlíontachta dhíreireacha. Dá bhar sin, ní bheidh rochtain ag tomhaltóirí ar na hearraí agus ar na seirbhísí a bheidh siad ag iarraidh a cheannach.

Tá amhras ar Lucsamburg go fóill, maidir le breisluach an Rialacháin, mar ní dhéantar foráil sa Rialachán don chinnteacht dhlíthiúil agus in áit bacainní a bhaint, déantar iad a choimeád. Cuireann an Rialachán d'oibleagáid ar thrádálaithe a bheith ag díol ar fud an Aontais Eorpaigh gan foráil a dhéanamh d'fheabhsuithe ná do shoiléirithe ar bith maidir leis an dlí is infheidhme agus an gcúirt inniúil a chinneadh. Ní bheidh gnólachtaí in ann iad féin a chosaint i gcoinne rioscaí dlí agus eacnamaíocha tríd a gcuid díolachán a theorannú dá margadh intíre nó do líon teoranta margai, de réir mar is féidir leo a dhéanamh sa lá atá inniu ann.

Mar sin féin, is mó ag Lucsamburg na hiarrachtaí a rinne Uachtaránacht na Bulgáire i dtreo na soiléireachta, go háirithe trí fhorálacha nua i gclásal athbhreithnithe an Rialacháin. Dhá bhliain tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin, beidh ar an gCoimisiún measúnú a dhéanamh ar na costais bhreise atá ag gnólachtaí a bhfuil díol á dhéanamh acu thar teorainneacha, ar costais iad atá ann mar gheall ar ilroinnt dhlíthiúil, lena n-áirítear i dtaca leis na rialacha atá ann cheana maidir leis an dlí is infheidhme.

Sa chlásal athbhreithnithe, iarrtar freisin ar an gCoimisiún a mhachnamh a dhéanamh ar bhealaí a bhféadfaí rochtain tomhaltóirí ar sheirbhísí leictreonacha atá cosanta ag cóipcheart a éascú – is saincheist mhór do thomhaltóirí an lae inniu í "geobhlocáil" na seirbhísí seo.

Mar sin de, is féidir le Lucsamburg tacú leis an téacs comhréitigh a d'eascair as na cruinnithe tríphárteacha le Parlaimint na hEorpa. Tá Lucsamburg ag súil go dtiocfaidh torthaí uaillmhianacha nithiúla as athbhreithniú an Rialacháin chomh luath agus is féidir."

Ráiteas ón nGearmáin

Is é tuairim Rialtas Cónaidhme na Gearmáine, gan aon agó, go gcuirfí san áireamh i gcónaí measúnú cuimsitheach tionchair sula ndéanfaí aon athbhreithniú ar raon feidhme an Rialacháin - go háirithe ó tharla gur aontaigh an Coimisiún Eorpach, ina ráiteas féin, go ndéanfaí athbhreithniú ar sheirbhísí closamhairc. Iarraimid go gcuirfí an ráiteas seo a leanas isteach sna miontuairiscí sin a bhaineann le hAirteagal 9, 'clásal athbhreithnithe':

'Ní mór don Choimisiún Eorpach staidéar tionchair mionsonraithe a dhéanamh sula ndéanfar aon athbhreithniú ar raon feidhme an Rialacháin seo i gcomhréir le hAirteagal 9.'

Ráiteas ón bhFrainc

Tacaíonn údaráis na Fraince leis an ráiteas ó údaráis na Gearmáine maidir leis an Rialachán lena dtugtar aghaidh ar gheobhlocáil gan údar agus ar chineálacha eile idirdhealaithe bunaithe ar náisiúntacht, áit chónaithe nó áit bhunaithe custaiméirí laistigh den mhargadh inmheánach agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 2016/2004 agus Treoir 2009/22/CE.

Tá sé ríthábhachtach ag údaráis na Fraince go mbeadh staidéar tionchair mionsonraithe mar bhonn taca le haon togra le raon feidhme an Rialacháin a leasú.
